# An chéad léacht i rith na Cásca

## I

Sliocht as Gníomhartha na nAspal 1:3-8

Thaispeáin Íosa é féin beo do na haspail i ndiaidh a pháise leis an iomad cruthú ar feadh daichead lá, à nochtadh féin dóibh, agus ag tagairt do ríocht Dé. Agus ag caitheamh bia dó ina gcuideachta, thug sé ordú dóibh gan corraí ó Iarúsailéim ach fuireach le gealltanas a Athar, 'a chuala sibh,' ar sé, 'ó mo bhéalsa. Óir bhaist Eoin go dearfa le huisce, ach baistfear sibhse leis an Spiorad Naomh i gceann beagán laethanta uaidh seo.'

Ar an ábhar sin, d'fhiafraigh siadsan a bhí cruinnithe le chéile de, ag rá: 'A Thiarna, an ndeanfaidh tú, an t-am seo, ríocht Isráél a chur ar bun arís?' Ach dúirt seisean leo: 'Ní faoi bhur gcoinnese atá sé eolas a bheith agaibh ar na hamanna ná ar na tráthanna a chuir an tAthair ina chumhacht féin. Ach gehobhaidh sibh cumhacht an Spioraid Naoimh a thiocfaidh oraibh, agus beid sibh in bhur bhfinnéithe domsa i Iarúsailéim agus sa Iúdáia go hiomlán, agus tSamáir, agus fiú go críocha imigéiniúla an domhain.'

Briathar an Tiarna.

## II

Sliocht as Gníomhartha na nAspal 2:1-6

Nuair a bhí laethanta na Cincíse comhlíonta, bhí na haspail uile i dteannta a chéile san aon áit amháin. Agus go tobann tháinig tormán ó neamh, mar ghoath an-láidir ag teacht, agus líon sé iomlán an tí mar a raibh siad in a suí. Agus taispeánadh dóibh teangacha scoilte amhail de thine, agus shuigh ar gach aon neach acu. Agus líonadh leis an Spiorad Naomh iad uile, agus thosaid siad uile ag labhairt le teangacha éagsúla, de réir mar a thug an Spiorad Naomh dóibh le labhairt.

Briathar an Tiarna.

## III

Sliocht as Gníomhartha na nAspal 8:1, 4, 14-17

San am sin d'éirigh déarleanúint mhór san Eaglais a bhí i Iarúsailéim, agus bhí siad uile, ach amháin na haspail, scaipthe trí chríocha Iúdáia agus na Samáire. An mhuintir a bhí scaipthe, dá bhrí sin, théadh siad thart ag craobhscaoileadh bhriathar Dé. Nuair a chuala na haspail a bhí i Iarúsailéim gur ghlac an tSamáir briathar Dé, chuir siad Peadar agus Eoin chucu. Agus nuair a tháinig siadsan, ghuigh siad ar a son, chun go bhfaigheadh siad a Spiorad Naomh. Óir níor tháinig sé go fóill ar aon neach acu: ach ní raibh siad ach baiste in ainm an Tiarna Íosa. Ansin chuir siad a lámha orthu, agus fuair siad an Spiorad Naomh.

Briathar an Tiarna.

# An céad léacht lasmuigh den Cásca

## IV

Sliocht as leabhar Íseáia fáidh 11:1-4a

Tá bachlóg ag eascar as bun crainn Iese agus gas ag teacht óna fhréamh:
tá spiorad an Tiarna ag lonnú air,
spiorad na heagna agus na tuisceana,
spiorad na 3héile3le agus na cumhachta,
spiorad an eolais agus eagla an Tiarna.
(In eagla an Tiarna is ea atá a dhúil.)
Ní thugann sé breith de réir na cosúlachta,
3héil chuireann tuairim de ar scéal scéil,
ach déanann sé cóir agus ceart do na dealbha,
agus tugann breithiúnas cothrom I leith dearóile na tíre.

Briathar an Tiarna.

# V

## Sliocht as leabhar Íseáia fáidh 61:1-3a

Tá spiorad an Tiarna Dia orm,
de bhrí go ndearna an Tiarna mé a choisreacan,
chun dea-scéala a bhreith chuig na dearóile,
chun cóir leighis a chur ar chroíthe brúite;

chun cead a gcos a fhógairt do na cimí
agus fuascailt do na príosúnaigh;
chun bliain logha a fhógairt thar ceann an Tiarna,
agus lá an díoltais ag ár nDia,

chun sólás a thabhairt do Lucht an dobróin
agus fleasc bláthanna a chur orthus in ionad luaithrigh,
ola na lúcháire in ionad éide an bhróin,
moladh in ionad éadóhais.

Is é ainm a bheidh oraibh 'sagairt an Tiarna',
agus tabharfar oraibh 'mionastrálaithe ár nDé'.

Tabharfaidh mé a luch saothair dóibh go dílis,
agus déanfaith mé conradh síoraí leo.

Beid cáil ar a gcine os comhair na náisiún,
agus ar a sliocht I measc na nginte.
Admhóidh gach aon dá bhfeicfidh iad
gur cine iad atá beannaithe ag an Tiarna.

Briathar an Tiarna.

# VI

Sliocht as leabhar Ezícéal fáidh 36:24-28

Seo mar a deir an Tiarna: 'Bainfidh mé amach sibh as na ciníocha agus baileoidh mé sibh le 5héile ó na tíortha coimhthíocha agus tabharfaith mé sibh abhaile chuig bhur dtír dhúchais. Croithfidh mé uisce glan oraibh agus beidh sibh glan; scagfaidh mé sibh ó bhur salachar uile agus ó bhur n-íola uile. Tabharfaidh mé croí nua doibh fosta agus cuirfidh spiorad nua ionaibh; bainfidh mé an croí clochach as bhur gcorp agus tabharfaith croí feola in a áit. Cuirfidh mé mo spiorad ionaibh agus tabharfaidh oraibh siúl de réir mo reachtanna agus mo dheasghnátha a chomhlíonadh. Cónóidh sibh sa tír a bhronn mé ar bhur n-aithreacha; beidh sibh in bhur bpobal agam agus beidh mise I mo Dhia agaibh.'

Briathar an Tiarna.

# Sailm loinneogacha

## VII

### Salm 22: 1-3a.3b-4.5-6. Fr. V. 1

Freagra: Is é an Tiarna m'aoire,
ní bheidh aon ní de dhíth orm.

Is é an Tiarna m'aoire,
ní bheidh aon ní de dhíth orm.
Cuireann sé i mo luí mé
i móinéar féaruaithne.
Seolann sé ar imeall an uisce mé,
maf a bhfaighim suiamhneas. Freagra:

Seolann sé mé ar rianta díreacha
mar gheall ar a ainm.
Fiú dá siúlfainn i ngleann an dorchadais,
níor bhaol liom an t-olc
agus tú faram le do shlat is do bhachall
chun sólás a thabhairt dom. Freagra:

Cóiríonn tú bord chun béile dom
i bhfaianaise mo naimhde.
Ungann tú mo cheann le hola;
tá mo chupán ag cur thar maoil. Freagra:

Leanfaigh cineáltas is fabhar mé
gach uile lá de mo shaol.
I 6héile an Tiarna a mhairfidh mé
go brách na breithe. Freagra:

# VIII

## Salm 95: 1-2a.2b-3.9-10a.11-12

Freagra: Insígí éachtaí an Tiarna
do na náisiúin uile.

Canaigí amhrán nua don Tiarna,
canaigí don Tiarna, a thalamh go léir.
Canaigí don Tiarna agus molaigí a ainm. Freagra:

Fógraigí a shlánú ó lá go lá.
Insigí a ghlóir i measc na gciníocha
agus a éachtaí do na násiúin uile. Freagra:

Tugaigí adhradh don Tiarna ina theampall.
Bí ar crith in a láthair, a thalamh.
Fógraigí do na ciníocha: 'Tá an Tiarna ina Rí.' Freagra:

Bíodh áthas ar neamh agus ar talamh;
tugadh an mhuir agus a bhfuil inti a nglór;
bíodh lúcháir ar an machaire agus a bhfuil ann;
tógadh crainn uile na coille gártha átháis. Freagra:

# IX

## Salm 103: 1,24.27-28.30-31.33-34.

Freagra: Cuir amach uait do Spiorad, a Thiarna,
agus 8héi aghaidh na talún a athnuachan.

Tabhair moladh don Tiarna, a anam liom!
A Thiarna Dia, is rómhór thú go dearfa.
Nach líonmhar iad d’oibreacha, a Thiarna!
Rinne tú gach aon ní le heagna.
Tá an chruinne lán dá bhfuil déanta agat. Freagra:

Bíonn siad siúd go léir ag brath ort
chun iad a bheathú in am is I dtráth.
Cruinníonn siad le 8héile a dtugann tú dóibh:
leathann tú do lámh agus líontar iad. Freagra:

Nuair a chuireann tú do spiorad uait, cruthaítear iad,
agus athnuann tú aghaidh na talún.
Go maire glóir an Tiarna go brách!
Go bhfaighe an Tiarna lúcháir ina ndéanann sé! Freagra:

Beidh mé ag canadh don Tiarna fad a mhairfidh mé,
seinnfidh mé do mo Dhia fad is beo dom.
Go mba thaitneamhach leis briathra me bhéil,
óir is sa Tiarna a dhéanfaith mé gairdeas. Freagra:

# An dara léacht

X

Sliocht as céadlitir Naoimh Pól chuig na Coiríntigh

1 Cor 12:4-3

A bhráithre, is iomaí cineál bua atá ann, ach níl ann ach an Spiorad céanna; agus is iomaí cineál freastalachta atá ann, agus is é an Tiarna céanna é; agus is iomaí cineál gnímh atá ann, ach is é an Dia céanna a bhíonn ag oibriú gach ní i ngach uile chás. Tugtar foilsiú an Spioraid do gach duine faoi leith ar mhaithe le cách. Mar shampla, faigheann duine amháin labhairt go heagnaí ón Spiorad agus faigheann duine eile labhairt go feasach ón Spiorad céanna. Faigheann an tríú duine bua creidimh ón Spiorad agus duine eile bua leighis. Faigheann duine eile cumas míorúiltí agus duine eile fós bua seanmóireachta agus duine eile arís na spioraid a aithint ó chéile. Bíonn teangacha éagsúla ag duine amháin agus míniú na dteangacha ag duine eile. Ach is é an Spiorad ceannann céanna a bhíonn ag oibriú sna tíolaicí seo uile agus é ag dáil ar chách de réir mar is áil leis féin.

Faoi mar is aon ní amháin an corp, bíodh go bhfuile mórán ball ann, agus nach bhfuil sna baill go léir, bíodh go bhfuil mórán acu ann, ach an t-aon chorp amháin, sin mar atá ag Críost. Mar, san aon Spiorad amháin is ea a baisteadh isteadh in aon chorp amháin sinn go léir, idir Ghiúdaigh is Ghréagaigh, idir dhaoir is saoir; agus tugadh an t-aon Spiorad amháin dúinn le hól.

Briathar an Tiarna.

# XI

## Sliocht as litir Naoimh Pól chuig na Galataigh

5:16-17, 22-23a, 24-25

A bhráithre, má leanann sibh an Spiorad, ní gheillfidh sibh go deo do mhianta na colainne. Mar tá mianta na colainne agus mianta an Spioraid bunoscionn le chéile: tá siad chomh mór sin in éadan a chéile nach ndéanann sibhse na nithe ab áil libh a dhéanamh.

Gineann an Spiorad, áfach, grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, dea-chroí, dílseach, láchas agus measarthacht. Agus iad siúd a bhaineann le buíon Íosa Críost, tá siad tar éis a gcolainn agus a cuid paisean agus mianta a chéasadh ar an gcrois. Ós é an Spiorad atá dár mbeoú, mairimis faoina réir.

Briathar an Tiarna.

# XII

## Sliocht as dara litir Naoimh Pól chuig Timóteas

2 Tim 1:6-9a. 13-14

A bhráthair ionúin, táim á chur i gcuimhne duit an tine a athlasadh faoin tabhartas úd a fuair tú ó Dhia Nuair a leagas-sa mo lámha ort. An spiorad a thug Dia duinn, ní spiorad na meatachta é, ach Spiorad na fearúlachta agus an ghrá agus na stuaime. Más ea, ná bíodh aon náire ort faisnéis a thabhairt ar an Tiarna agus ná bíodh aon náire ort fúmsa atá i mo ghéibheannach ar a shon. Ní hea, ach fulaingse an cruatan liom ar son an Dea-Scéil de réir an chumais atá faighte agat ó Dhia.

An teagasc folláin a chuala tú uaimse, coimeád agat mar threoir é agus lean den chreideamh agus den ghrá atá agat i bpáirt le hÍosa Críost. An taisce luachmhar atá faoi do chúram, cosain é le cabhair an Spioraid Naoimh a chónaíonn ionainn.

Briathar an Tiarna.

## XIII

Sliocht as litir Naoimh Pól chuig na Colosaigh 3:12-17

A bhráithre, ós sibhse an pobal tofa, pobal naofa muirneach Dé, cuirígí umaibh trua croí, láchas, uirísle, ceansacht agus foighne. Cuirigí suas lena chéile agus cibé locht a bhíonn ag duine agaibh ar dhuine eile, maithigí dá chéile é faoi mar a mhaith an Tiarna daoibh. Agus mar bharr ar gach ní acu sin cuirigí umaibh an grá, mar is é a chuirfidh bail agus críoch ar an iomlán. Agus bíodh síocháin Chríost ina réiteoir in bhur gcroí, mar is chun síocháin a bheith agaibh glaodh sibh le chéile in aon chorp amháin. Agus bígí buíoch. Bíodh teachtaireach Chríost in a chónaí faoi rath in bhur measc. Déanaigí a chéile a chomhairliú agus a theagasc le barr eagna. Canaigí sailm agus iomainn agus laoithe spioradálta in ómó do Dhia agus buíochas in bhur gcroí. Agus gach ní dá ndéanann sibh le briathar nó le gníomh, déanaigí an t-iomlán in ainm an Tiarna Íosa ag gabháil buíochais le Dia an tAthair tríd.

Briathar an Tiarna.

## XIV

Sliocht as céadlitir Naoimh Pól chuig na Teasalónaigh 5:16-24

A bhráithre, bígí lúcháireach i gcónaí, bígí ag urnaí de shíor, gabhaigí buíochas as an uile ní: óir is é sin toil Dé in Íosa Críost in bhur dtaobh. Ná múchaigí an Spiorad, ná caithigí drochmheas ar an bhfáidheadóireacht: ach scagaigí gach uile ní: cloígí leis an mait, seachnaígí gach saghas oilc. Dia na síochána, go naomhaí sé sibh go hiomlán, agus go gcoimeádtar bhur spiorad agus bhur n-anam agus bhur gcorp saor ó chionta nó go dtaga ár dTiarna Íosa Críost. Is dílis an té a ghlaoigh sibh agus déanfaith sé é sin.

Briathar an Tiarna.

## XV

### Sliocht as litir Naoimh Pól chuig na Rómhánaigh 8:14-17

A bhráithre, gach aon duine a mbíonn Spiorad Dé faoi is mac do Dhia é. Mar, an spiorad a fuair sibh, ní spiorad na daoirse é chun eagle a chur oraibh athuair, ach spiorad na clainne trína nglaoimid Abba nó Athair ar Dhia. Dearbhaíonn Spiorad Dé dár spiorad féin gur clann Dé sinn; agus, mas clann sinn, is oidhrí sinn chomh maith, oidhrí Dé agus comhoidhrí le Críost, mar go bhfuilimid páirteach leis ina pháis abhus le hionchas a bheith páirteach leis ina ghlóir ar ball.

Briathar an Tiarna.

# Chomhgháir roimh an tsoiscéal

Seo iad na véarsa. Canaítear Alleluia nó freagra eile i rith an Chargais.

## V-1

Eoin 14:16

Tabharfaidh an tAthair Abhcóide eile daoibh
chun fanacht faraibh go deo, a deir an Tiarna.

## V-2

Eoin 15:26b.27a

Déanfaidh Spiorad na fírinne fianaise orm,
agus déanfaidh sibhse fianaise orm, a deir an Tiarna.

## V-3

Eoin 16:13a;14:26b

Nuair a thiocfaidh sé siúd, Spiorad na fírinne,
déanfaidh sé eolas daoibh chun an uile fhírinne,
agus cuirfidh sé i gcuimhne daoibh
ar inis mé daoibh.

# Léachtaí as an soiscéal

## XVI

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Lúcás 4:16-22

San am sin tháinig Íosa go Nazará mar ar oileadh é, agus chuaigh isteach mar ba ghnáthbhéas dó sa tsionagóg lá na sabóide, agus d'éirigh ina sheasamh chun an léitheoireacht a dhéanamh. Síneadh chuige leabhar Íseáia fáidh, agus ar oscailt an leabhair dó, fuair sé an t-ionad ina raibh scríofa:

'Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé.

Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na bochta,

ag fógairt a scaoilte do bhraighde

agus aiseag a radhairc do dhalla;

ag scaoileadh lucht géarbhroide saor;

ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna.'

D'fhill sé an leabhar in a chéile, thug ar ais don seirbhíseach é, agus shuigh. Agus bhí súile a raibh sa tsionagóg dlúite air. Agus thosaigh sé ag rá leo: 'Inniu atá an scríbhinn seo comhlíonta i gclos bhur gcluas.' Agus thug cach fianaise air, agus b'ionadh leo na briathra grástúla a bhí ag teacht as a bhéal.

Soiscéal an Tiarna.

## XVII

Sliocht as a Soiscéal naofa de réir Marcas 1:9-11

San am sin tháinig Íosa ó Nazarat sa Ghailíl agus fuair baisteadh sa Iordáin é Eoin. Agus an túisce a tháinig sé aníos as an uisce, chonaic sé na flaithis ag oscailt ó chéile agus an Spiorad mar a bheadh colm teacht anuas air. Agus tháinig glór ó na flaithis: 'Is tú mo Mhac muirneach; is duit a thug mé gnaoi.'

Soiscéal an Tiarna.

## XVIII

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Matha 5:1-12

San am sin nuair a chonaic Íosa na sluaite, chuaigh sé an sliabh suas. Shuigh sé síos agus tháinig a dheisceabail chuige. Thosaigh sé ag caint leo á dteagasc agus dúirt:
'Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo ríocht na bhflaitheas.
Is méanar do lucht an dobróin, óir sólásófar iad.
Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.
Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu, óir sásófar iad.
Is méanar do lucht na trócaire, óir déanfar trócaire orthu.
Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí, óir feicfidh siad Dia.
Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu.
Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.
Is méanar daoibh féin nuair a thabharfar aithis daoibh agus a ghéarleanfar sibh, agus nuair a chuirfear gach sórt drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa.
Bíodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh'.

Soiscéal an Tiarna.

## XIX

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Eoin 14:15-17

San am sin dúirt Íosa lean dheisceabail:
'Má tá grá agaibh dom, coinneoidh sibh m'aitheanta.
Agus iarrfaidh mé ar m'Athair é,
agus tabharfaith sé Cabhróir eile daoibh
chun fanacht faraibh go deo - Spiorad na Fírinne,
nach féidir don saol a ghlacadh,
mar ní fheiceann sé é ná ní aithníonn é.
Ach aithníonn sibhse é mar fanann sé faraibh, agus tá sé ionaibh.'

Soiscéal an Tiarna.

# XX

## Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Eoin 14:23-26

San am sin dúirt Íosa lena dheisceabail:

'Má bhíonn grá ag duine dom,

coinneoidh sé mo bhriathar,

agus beidh gra ag m'Athair dó,

agus tiocfaimid chuige,

agus déanfaimid ár n-áras aige.

An té nach mbíonn gra aige dom,

ní choinníonn sé mo bhriathra.

Ach an briathar a chluineann sibh, ní liom féin é,

ach leis an Athair a chuir uaidh mé.

Tá an méid sin inste agam daoibh,

fad a bhí mé ag fanacht agaibh,

ach an Cabhróir, an Spiorad Naomh,

a chuirfidh an tAthair uaidh i m'ainmse,

múinfidh seisean an uile ní daoibh,

agus cuirfidh sé i gcuimhne daoibh,

ar inis mise daoibh.'

Soiscéal an Tiarna.